# Crann Cinnteoireachta

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Láimhseáil sonraí – sórtáil<br>Cruth agus Spás – cruthanna 2T<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• ábhair agus matamaitic chuí do thasc a roghnú<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta simplí a aithint agus tuartha a dhéanamh |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | crann cinnteoireachta, critéir, teanga chruth agus spáis, leathan/níl sé leathan srl., sórtáil, cuir i gcomparáid, anailísigh, difear |
| **Áiseanna** | crann cinnteoireachta ar pháipéar, pictiúir phriontáilte |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Sórtálann na daltaí pictiúir sna gníomhaíochtaí ABCD, ag úsáid Uirlis Sórtála Mol Mata le crainn chinnteoireachta a dhéanamh, féach an sampla thíos.

### 1 Gníomhaíocht 1

4 fhear – 2 x ard agus 2 x gearr 2 le scaif fhada, beirt le scaif ghearr.
Tá cinntí ard / níl siad ard agus scaif fhada chan scaif fhada (ghearr).

### 2 Gníomhaíocht 2

4 bhean – 2 x spéaclaí ciorclacha 2 x spéaclaí cearnógacha, tá gruaig dhubh/níl gruaig dhubh ar dhuine amháin as gach beirt.
Na cinntí ná Spéaclaí ciorclacha/Chan Spéaclaí ciorclacha agus gruaig dhubh/chan gruaig dhubh.

### 3 Gníomhaíocht 3

4 Chruth 2 x chruth cheathairshleasacha, 2 chruth nach bhfuil ceathairshleasach, 2 atá glas agus 2 nach bhfuil glas.
Na cinntí ná: ceathairshleasach agus chan ceathairshleasach, glas agus chan glas.

### 4 Gníomhaíocht 4

2 x dhoras leathana, 2 x dhoras chaola, 2 x dhoras le fuinneoga, 2 x gan fuinneoga.


Cruthaíonn daltaí a gcrann cinnteoireachta féin ag íoslódáil pictiúir ó fhoinsí ceadaithe sábháilte agus a gcuid critéar sórtála a roghnú. Thig leo pictiúir a bhailiú do dhaltaí eile fosta le sórtáil de réir a gcritéar féin. I ndiaidh dóibh a gcrainn chinnteoireachta a chur i láthair, déanann daltaí an fhaisnéis a phlé, a anailísiú agus a léirmhíniú, ag seasadh lena réasúnú más cuí.


## Ceisteanna Samplacha


| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • An bhfuil an fear ard?<br>• An bhfuil an scaif gearr?<br>• An bhfuil na spéaclaí ciorclach?<br>• An bhfuil an doras leathan? | • Cad é mar a dhéanfaidh muid na pictiúir seo a shórtáil?<br>• Inis dom cad é mar a shórtáil tú na pictiúir seo.<br>• Cad é mar a shocraigh tú na critéir? |


## Difreáil


Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.
Is féidir an crann cinnteoireachta a dhéanamh níos dúshlánaí nó a mhalairt le teacht le hábaltacht an dalta.



































| | |
|---|---|
| | |
| | |

| | |
|---|---|
| | |
| | |